# An Próiseas Achomhairc

An Próiseas Achomhairc i ndáil le Stiúrthóirí Lánaimseartha ar Ionaid Tacaíochta Oideachais a earcú.

Úsáidfear an córas seo a leanas in imthosca ina ndéanfaidh iarrthóir achomharc in aghaidh an phróisis earcaíochta don ról mar Stiúrthóir ar Ionad Tacaíochta Oideachais.

## 1. Prionsabail Ghinearálta

Beidh feidhm ag na prionsabail ghinearálta seo a leanas:

1.1 Sa phróiseas achomhairc, urramófar prionsabail an nóis imeachta chóir, na próise cuí agus an cheartais aiceanta in oibriú nós imeachta an phróisis ceapacháin.

1.2 Déanfaidh tríú páirtí neamhspleách, dá ngairtear an "Coiste Achomhairc" anseo feasta, breithniú ar gach achomharc faoin nós imeachta seo. Eiseoidh Cathaoirleach an Choiste Achomhairc an cinneadh ón gCoiste Achomhairc chuig Cathaoirleach Choiste Bainistíochta an Ionaid Tacaíochta Oideachais agus chuig an achomharcóir.

1.3 Ní fhéadfar achomharc a thaisceadh ach ar cheann amháin nó níos mó de na forais achomhairc atá luaite i rannán 2 thíos.

1.4 Ní athdhéanamh an agallaimh ná aon choda den agallamh a bheidh san achomharc.

1.5 Ní chuirfidh aon mhainneachtain ag aon pháirtí lena mbaineann comhoibriú ná aon iarracht a dhéanfaidh aon pháirtí lena mbaineann an próiseas a chur ó rath cosc ar an gCoiste Achomhairc teacht ar chinneadh.

1.6 Beidh gach ní a bhaineann le reáchtáil an nóis imeachta seo faoi rún daingean ag na páirtithe uile a bhfuil baint acu leis an achomharc.

1.7 Cuirfear ceapachán an iarrthóra mholta siar ar feitheamh thoradh an achomhairc.

1.8 Tabharfar rochtain do Chathaoirleach an Choiste Achomhairc ar fhaisnéis phearsanta atá á sealbhú ag an Ionad Tacaíochta Oideachais faoin achomharcóir, a mhéid a bhaineann leis an bpróiseas ceapacháin. Déanfar amhlaidh de réir na bprionsabal atá leagtha amach i mBeartas Cosanta Sonraí an Ionaid Tacaíochta Oideachais agus de réir na gceanglas reachtach atá leagtha síos sa reachtaíocht Cosanta Sonraí.

1.9 Ní dhéanfar achomhairc, freagraí ón lucht bainistíochta ná doiciméid tacaíochta a chur isteach ach amháin trí mheán leictreonach (lena n-áirítear tríd an ríomhphost) trí úsáid a bhaint as an bhfoirm achomhairc (Aguisín A) agus as an bhfoirm freagra ón lucht bainistíochta (Aguisín B) atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Ionaid Tacaíochta Oideachais lena mbaineann.

1.10 Ní ghlacfaidh Ionaid Tacaíochta Oideachais le haon fhreagracht as costais a thabhóidh an t-achomharcóir.

1.11 Ní dhéanfar aon bhreithniú ar achomhairc dhéanacha ná ar achomhairc nach gcomhlíonann an próiseas seo.

## 2. Forais Achomhairc

Ní fhéadfar achomharc a thaisceadh ach ar cheann amháin nó níos mó de na forais seo a leanas a bhaineann le sárú líomhnaithe ar an nós imeachta:

- I gcás iarratasóirí a rinne iarratas:

(i) Níor cuireadh an fógrán ar shuíomh Gréasáin an Ionaid Tacaíochta Oideachais ná ar shuíomh Gréasáin Education Posts, cé gur gnáthchleachtas é sin le haghaidh an ról mar Stiúrthóir ar Ionad Tacaíochta Oideachais a fhógairt.

- I gcás iarrthóirí a cuireadh faoi agallamh:

(ii) Ní raibh comhdhéanamh an Bhoird Agallaimh ag teacht lena raibh sainithe sa sainchuntas poist. Áirítear leis an bhforas seo an mhainneachtain ag ball den bhord agallaimh coinbhleacht leasa a nochtadh.

(iii) Rinneadh earráid ríomhaireachtúil i mbileog mharcála achomair an Phainéil Agallaimh don achomharcóir, rud a rinne difear ábhartha don toradh.

(iv) Imeacht ó na critéir roghnúcháin atá sonraithe sa sainchuntas poist. Is iad seo na critéir/na hinniúlachtaí a lorgaítear san fhoirm iarratais:

1. Ceannaireacht
2. Bainistíocht/Pleanáil/Eagrú Oibre
3. Eolas ar an gCóras, agus Rialachas Earnála Poiblí
4. Dearadh Cúrsaí Foghlama Gairmiúla do Mhúinteoirí agus Scileanna Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)
5. Taithí agus Cáilíochtaí Ábhartha

(v) Imeacht ón scéim mharcála atá sonraithe sa sainchuntas poist.

## 3. An Coiste Achomhairc

3.1 Beidh an Coiste Achomhairc comhdhéanta de bhall amháin den Choiste Bainistíochta, de Stiúrthóir amháin atá ar scor, agus d'ionadaí amháin ón Rannóg um Fhoghlaim Ghairmiúil Múinteoirí. Beidh an Coiste Achomhairc neamhspleách ar an Ionad Tacaíochta Oideachais a bheidh ag earcú Stiúrthóra agus ar gach ball den Phainéal Agallaimh.

## 4. Oibriú an Chórais Achomhairc

4.1 Tabharfar an Dáta Achomhairc ar an am agus an dáta deiridh le haghaidh achomharc a chur in iúl do Chathaoirleach an Bhoird Agallaimh, agus é ag titim ag 4.00pm ar an seachtú lá féilire. Is é a bheidh i lá a haon ná an lá tar éis toradh an phróisis ceapacháin a eisiúint.

4.2 Cuimseofar san achomharc ráiteas faoi na forais ar faoina mbun atá an t-achomharc á iarraidh (féach Rannán 2 thuas) agus an réasúnaíocht atá taobh thiar de gach ceann de na forais luaite. I gcás nach ndéanfar ráiteas faoin bhforas/faoi na forais ar faoina bhun nó faoina mbun atá an t-achomharc á iarraidh ná réasúnaíocht tacaíochta a thaisceadh in éineacht leis an achomharc, ní dhéanfaidh an Coiste Achomhairc aon bhreithniú eile ar an achomharc. Cuirfidh Cathaoirleach an Choiste Achomhairc an méid sin in iúl don achomharcóir agus don Ionad Tacaíochta Oideachais i gcásanna den sórt sin.

4.3 Níor cheart dul thar 1,000 focal san achomharc agus ba cheart tagairt a dhéanamh ann d'aon mhíreanna atá sna doiciméid tacaíochta. Is neamh-inghlactha a bheidh aon ábhar nach mbaineann leis na forais achomhairc (de réir Rannán 2 thuas).

4.4 Admhófar go bhfuarthas foirmeacha achomhairc tráth a gheobhaidh Cathaoirleach an Phainéil Agallaimh iad. Measfar gur neamhbhailí a bheidh aon fhoirmeacha achomhairc a gheofar tar éis an Dáta Achomhairc, agus cuirfear an méid sin in iúl don achomharcóir.

4.5 Cuirfidh Cathaoirleach an Bhoird Achomhairc ainm na mball den Choiste Achomhairc in iúl don achomharcóir a luaithe a bheidh siad ar fáil.

4.6 Gairfidh Cathaoirleach an Choiste Achomhairc cruinniú den Choiste Achomhairc chun an cás a athbhreithniú. Déanfaidh sé breithniú ar an achomharc, ar an bhfreagra ó Chathaoirleach an Phainéil Agallaimh agus ar na doiciméid tacaíochta a soláthraíodh.

## 5. Toradh an Nóis Imeachta Achomhairc

5.1 Tabharfaidh an Coiste Achomhairc an cinneadh uaidh i scríbhinn laistigh de sheacht lá féilire ó na doiciméid achomhairc a fháil trí úsáid a bhaint as an bhfoirm theimpléadach cinnidh atá tugtha chun na gcríoch sin (Aguisín C). Seolfar an cinneadh sin le ríomhphost chuig Cathaoirleach an Phainéil Agallaimh agus chuig an achomharcóir.

5.2 I gcás go seasfar le hachomharc, ach amháin sa chás atá tuairiscithe i Rannán 5.3, cinnfidh an Coiste Achomhairc cén gníomh a bheidh le déanamh.

5.3 In imthosca ina gcinnfidh an Coiste Achomhairc go ndearnadh earráid nuair a bhí na marcanna á ríomh agus go ndearna an earráid sin difear ábhartha don toradh, sonróidh an Coiste Achomhairc an fíoras sin agus cuirfidh sé in iúl do Chathaoirleach an Phainéil Agallaimh gur cheart an t-iarrthóir is airde rangú, bunaithe ar chur i bhfeidhm cuí na scéime marcála, a mholadh lena c(h)eapadh.

# AGUISÍN A

**Foirm Achomhairc le haghaidh Achomhairc a bhaineann le Stiúrthóirí Lánaimseartha ar Ionaid Tacaíochta Oideachais a earcú**

RANNÁN A – Mionsonraí Pearsanta
Ainm: ___________________________________
Seoladh Baile: ____________________________
Uimhir Theileafóin Teagmhála: ______________
Seoladh Ríomhphoist: _____________________

RANNÁN B – Mionsonraí an Ionaid Tacaíochta Oideachais
Ionad Tacaíochta Oideachais: _______________________________
Cathaoirleach an Choiste Bainistíochta: _____________________

RANNÁN C – Fógra Achomhairc
Tugaim fógra leis seo faoi achomharc in aghaidh an chinnidh maidir leis an gceapachán buan chuig an bpost mar ________________________________________
Tabhair faoi deara: Ba cheart foirm achomhairc ar leith a úsáid i gcás go mbeidh níos mó ná comórtas amháin i gceist.

RANNÁN D – Forais Achomhairc
Cuir tic leis an bhforas ábhartha achomhairc/leis na forais ábhartha achomhairc agus, sa bhosca téacs thíos, iontráil an fhaisnéis atá le breithniú. Is é 1,000 focal an líon iomlán focal is ceadmhach a úsáid ar fud an achomhairc ar fad.
Ní fhéadfar achomharc a thaisceadh ach ar cheann amháin nó níos mó de na forais seo a leanas a bhaineann le sárú líomhnaithe ar an nós imeachta:
(i) Níor cuireadh an fógrán ar shuíomh Gréasáin an Ionaid Tacaíochta Oideachais ná ar shuíomh Gréasáin Education Posts, cé gur gnáthchleachtas é sin le haghaidh an ról mar Stiúrthóir ar Ionad Tacaíochta Oideachais a fhógairt. ☐

(ii) Ní raibh comhdhéanamh an Bhoird Agallaimh ag teacht lena raibh sainithe sa sainchuntas poist ☐

(iii) Rinneadh earráid ríomhaireachtúil i mbileog mharcála achomair an Phainéil Agallaimh don achomharcóir, rud a rinne difear ábhartha don toradh ☐

(iv) Imeacht ó na critéir roghnúcháin atá sonraithe sa sainchuntas poist ☐

(v) Imeacht ón scéim mharcála atá sonraithe sa sainchuntas poist ☐

An fhaisnéis atá le breithniú (1,000 focal ar a mhéad):

| |
|---|
| |

RANNÁN E – Doiciméid Tacaíochta

Ní mór doiciméid tacaíochta a chur ar aghaidh i ríomhphost ar leith chuig an Ionad Tacaíochta Oideachais. Ní mór na doiciméid tacaíochta uile a sheoladh chuig seoladh ríomhphoist an Ionaid Tacaíochta Oideachais lena mbaineann roimh an dáta deiridh.
Liostaigh na doiciméid tacaíochta atá á seoladh agat:-

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________

3. ______________________________________________

RANNÁN G – Deimhniú go bhFuarthas Achomharc
Gheobhaidh tú ríomhphost deimhniúcháin tar éis don Ionad Tacaíochta Oideachais Foirm Achomhairc a fháil uait.

# AGUISÍN B

**Foirm Freagra ón Lucht Bainistíochta le haghaidh Achomhairc a bhaineann le Stiúrthóirí Lánaimseartha ar Ionaid Tacaíochta Oideachais a earcú**

RANNÁN A – Mionsonraí Pearsanta an Achomharcóra
Ainm: ___________________________________
Seoladh Baile: _____________________________
Uimhir Theileafóin Teagmhála: ________________
Seoladh Ríomhphoist: _________________________

RANNÁN B – Mionsonraí an Ionaid Tacaíochta Oideachais
Ionad Tacaíochta Oideachais: _____________________________
Cathaoirleach an Bhoird Agallaimh: ___________________
Seoladh Ríomhphoist an Ionaid Tacaíochta Oideachais: ______________________

RANNÁN C – Forais Achomhairc
Cuir tic leis an bhforas achomhairc/leis na forais achomhairc a roghnaigh an t-achomharcóir:
(i) Níor cuireadh an fógrán ar shuíomh Gréasáin an Ionaid Tacaíochta Oideachais ná ar shuíomh Gréasáin Education Posts, cé gur gnáthchleachtas é sin le haghaidh an ról mar Stiúrthóir ar Ionad Tacaíochta Oideachais a fhógairt. ☐

(ii) Ní raibh comhdhéanamh an Bhoird Agallaimh ag teacht lena raibh sainithe sa sainchuntas poist ☐

(iii) Rinneadh earráid ríomhaireachtúil i mbileog mharcála achomair an Phainéil Agallaimh don achomharcóir, rud a rinne difear ábhartha don toradh ☐

(iv) Imeacht ó na critéir roghnúcháin atá sonraithe sa sainchuntas poist ☐

(v) Imeacht ón scéim mharcála atá sonraithe sa sainchuntas poist ☐

RANNÁN D – Freagra ón Lucht Bainistíochta ar Achomharc
Sa bhosca téacs thíos, iontráil an freagra ón lucht bainistíochta ar an achomharc a taisceadh.
Tabhair faoi deara: Is é 1,000 focal an líon iomlán focal is ceadmhach a úsáid.

| |
|---|
| |

RANNÁN E – Doiciméid Tacaíochta
Liostaigh na doiciméid tacaíochta atá á seoladh agat:-

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________

3. ______________________________________________

Tabhair faoi deara: Ní mór don Ionad Tacaíochta Oideachais na doiciméid tacaíochta a fuarthas ón achomharcóir agus ón Ionad Tacaíochta Oideachais mar chuid den fhreagra ón lucht bainistíochta a chur ar aghaidh chuig an mBreithneoir.

# AGUISÍN C

**An Fhoirm Theimpléadach Thuairisce ón gCoiste Achomhairc i ndáil le Stiúrthóirí Lánaimseartha ar Ionaid Tacaíochta Oideachais a earcú**

RANNÁN A – Mionsonraí Pearsanta an Achomharcóra
Ainm: ________________________________________
Seoladh Baile: _________________________________
Uimhir Theileafóin Teagmhála: ___________________
Seoladh Ríomhphoist: ___________________________

RANNÁN B – Mionsonraí an Ionaid Tacaíochta Oideachais
Ionad Tacaíochta Oideachais: ________________________
Cathaoirleach an Choiste Bainistíochta: ___________________
Seoladh Ríomhphoist an Ionaid Tacaíochta Oideachais: ______________________

RANNÁN C – Forais Achomhairc
Cuir tic leis an bhforas achomhairc/leis na forais achomhairc a roghnaigh an t-achomharcóir:
(i) Níor cuireadh an fógrán ar shuíomh Gréasáin an Ionaid Tacaíochta Oideachais ná ar shuíomh Gréasáin Education Posts, cé gur gnáthchleachtas é sin le haghaidh an ról mar Stiúrthóir ar Ionad Tacaíochta Oideachais a fhógairt. ☐

(ii) Ní raibh comhdhéanamh an Bhoird Agallaimh ag teacht lena raibh sainithe sa sainchuntas poist ☐

(iii) Rinneadh earráid ríomhaireachtúil i mbileog mharcála achomair an Phainéil Agallaimh don achomharcóir, rud a rinne difear ábhartha don toradh ☐

(iv) Imeacht ó na critéir roghnúcháin atá sonraithe sa sainchuntas poist ☐

(v) Imeacht ón scéim mharcála atá sonraithe sa sainchuntas poist ☐

RANNÁN D – An Cinneadh ón gCoiste Achomhairc ar Achomharc

Achoimre ar chinntí

| |
|---|
| |

Cinneadh
Bunaithe ar an gcinneadh atá tugtha faoi deara thuas, is é an cinneadh ón gCoiste Achomhairc **Seasadh leis** an gcinneadh ón bPainéal Agallaimh / an cinneadh ón bPainéal Agallaimh **a Chealú**.
**(Cuir líne trí na roghanna sin, de réir mar is gá)**

Arna shíniú

Síniú na mBall den Choiste Achomhairc

1.____________________ 2.____________________ 3.____________________

Ainm na mBall den Choiste Achomhairc, i mBloclitreacha

1.____________________ 2.____________________ 3.____________________